



An Bhruiséil, 16 Deireadh Fómhair 2017  
(OR. en)

13196/17

DAPIX 329  
CRIMORG 167  
ENFOPOL 452  
ENFOCUSTOM 217  
JAI 902

#### **TORADH NA nIMEACHTAÍ**

|                               |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                       |
|-------------------------------|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| ó:                            | Ardrúnaíocht na Comhairle                                                                                                                                                                                                                                                                                             |
| An:                           | 12 Deireadh Fómhair 2017                                                                                                                                                                                                                                                                                              |
| chuig:                        | na toscaireachtaí                                                                                                                                                                                                                                                                                                     |
| Uimh. an doic.<br>roimhe seo: | 11267/1/17 REV 1                                                                                                                                                                                                                                                                                                      |
| Ábhar:                        | CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE maidir le cur chun feidhme na bhforálacha ginearálta i ndáil le cosaint sonraí as Caibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle<br>- Meastóireacht ar an bPortaingéil maidir le malartú uathoibríoch sonraí clárúcháin feithicle<br>- Conclúidí ón gComhairle (12 Deireadh Fómhair 2017) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn a ghabhann leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le cur chun feidhme na bhforálacha ginearálta maidir le cosaint sonraí as Caibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle - Meastóireacht a dhéanamh ar an bPortaingéil maidir le malartú uathoibríoch sonraí clárúcháin feithicle, a ghlac an Chomhairle ag an 3464ú cruinniú dá cuid, a tionóladh ar an 12 Deireadh Fómhair 2017.

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**  
**maidir le cur chun feidhme na bhforálacha ginearálta i ndáil le cosaint sonraí**  
**as Caibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle**

**Meastóireacht ar an bPortaingéil maidir le malartú uathoibríoch**  
**sonraí clárúcháin feithicle**

1. De réir Airteagal 25(2) de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle, ní sholáthrófar na sonraí pearsanta dá bhforáiltear faoin gChinneadh nó go mbeidh na forálacha i ndáil le cosaint sonraí a leagtar amach i gCaibidil 6 den Chinneadh curtha chun feidhme i ndlí náisiúnta chríocha na mBallstát a bheidh páirteach sa soláthar sin. Ní mór don Chomhairle a chinneadh d'aon toil cé acu a comhlíonadh an coinníoll sin nó nár comhlíonadh. Ní bheidh feidhm ag an bhforáil sin maidir le Ballstáit a bhfuil tús curtha cheana féin iontu le sonraí pearsanta, dá bhforáiltear sa Chinneadh de bhun "Conradh Prüm" (2005), a sholáthar.
2. De réir Airteagal 20 de Chinneadh 2008/616/CGB, ní mór gur ar bhonn tuarascáil mheastóireachta cheistneoir-bhunaithe a dhéanfar an fíorú maidir le comhlíonadh an choinníll thuasluaite. Maidir le sonraí a mhalartú go huathoibríoch i gcomhréir le Caibidil 2 de Chinneadh 2008/615/CGB, ní mór gur ar chuairt mheastóireachta agus ar thriail phíolótach a bheidh an tuarascáil mheastóireachta freisin bunaithe.
3. De réir phointe 1.1 de Chaibidil 4 den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2008/616/CGB, baineann an ceistneoir a dhréachtaigh Meitheal Ábhartha na Comhairle le gach ceann de na malartuithe uathoibríocha sonraí ionas nach mór don Bhallstát an ceistneoir a fhreagairt a luaithe is dóigh leis go bhfuil na réamhriachtanais le haghaidh sonraí a chomhroinnt sa chatagóir ábhartha sonraí á gcomhlíonadh aige.

4. Tá **an Phortaingéil** tar éis an ceistneoir maidir le cosaint sonraí, mar aon leis an gceistneoir maidir le malartú sonraí clárúcháin feithicle, a chomhlánú. Chuir **an Phortaingéil** i gcomhar leis **an Ísiltír** triail phíolótach i gcrích go rathúil. Rinneadh cuairt mheastóireachta **sa Phortaingéil** agus réitigh foireann mheastóireachta **na hÍsiltíre/na Spáinne/na Slóvaice** tuarascáil ar an gcuairt mheastóireachta sin gur chuir ar aghaidh chuig an Meitheal Ábhartha de chuid na Comhairle í (11262/17 DAPIX 262 CRIMORG 136 ENFOPOL 360 ENFOCUSTOM 173 JAI 691).
5. Tiolacadh chuig an gComhairle tuarascáil fhoriomlán mheastóireachta ina ndéantar achoimre ar thorthaí an cheistneora, ar thorthaí na cuairte meastóireachta, agus ar thorthaí na trialach píolótaí maidir le malartú sonraí clárúcháin feithicle (11263/17 DAPIX 263 CRIMORG 137 ENFOPOL 361 ENFOCUSTOM 174 JAI 692).
6. Ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Malartú Faisnéise agus um Chosaint Sonraí (DAPIX) ar an **2 Deireadh Fómhair 2017**, aithníodh go bhfuil gach Ballstát atá faoi cheangal ag Cinneadh 2008/615/CGB den bharúil go sásaítear na coinníollacha a cheadódh don Chomhairle a mheas go bhfuil, chun críocha malartú uathoibríoch sonraí i ndáil le sonraí clárúcháin feithicle, na forálacha ginearálta i ndáil le cosaint sonraí, atá i gCaibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB, curtha chun feidhme ina n-iomláine **ag an bPortaingéil**.
7. Ar an mbonn sin, measann an Chomhairle, chun críocha malartú uathoibríoch sonraí i ndáil le sonraí clárúcháin feithicle, go bhfuil na forálacha ginearálta i ndáil le cosaint sonraí atá i gCaibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB curtha chun feidhme ina n-iomláine **ag an bPortaingéil**.